

**TREOIRLÍNTE DO CHEAPACHÁIN DO PHOIST NACH DTAGANN  
FAOIN ACHT UM BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE POIBLÍ (EARCAÍOCHT  
AGUS CEAPACHÁIN) 2004**

**Iúil 2017**

## RÉAMHRÁ

Oibríonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) nach mór faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, (PSM (R&A) Act), leasaithe agus an Cód Cleachtais a fhoilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) faoi théarmaí an Achta sin. Ó am go ham áfach, iarrtar ar PAS próisis earcaíochta agus roghnaithe nach dtagann faoin Acht seo a reáchtáil nó cabhrú lena reáchtáil. Ullmhaíodh na Treoracha seo chun treoir a thabhairt maidir leis na próisis seo. Leagtar amach freisin riachtanais maidir le hiompar na n-iarrthóirí sa phróiseas roghnaithe.

Leagann na Treoracha amach fosta an creat do phróisis earcaíochta, roghnaithe agus ceapacháin dá leithéid agus díríonn siad ar chúig phrionsabal earcaíochta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais a d'ullmhaigh an CCSP do cheapacháin i bpoist a thagann faoin Acht. Tá na Treoracha bunaithe ar Chóid Cleachtais an CCSP a chinntíonn go n-úsáidtear na modhanna caighdeánaithe céanna maidir le hearcaíocht i ngach comórtas a stiúránn PAS.

## CLÁR ÁBHAR

Cuid 1 Cinntí a dhéanamh maidir leis an bhaint atá ag PAS le feachtais nach dtagann faoin Acht (PSM, (R&A)

Cuid 2 Tús

Cad iad na Treoirlínte seo?  
Cathain a chuirtear na Treoracha seo i bhfeidhm?

Struchtúr na dTreoirlínte  
Faireachán a dhéanamh ar na Treoracha  
Comhairle sa bhreis

Cuid 3 Príomhphrionsabail Earcaíochta le comhlíonadh

Cuid 4 Gnéithe de phróisis áirithe Earcaíochta agus samplaí de phrionsabail ag obair

Cuid 5 Freagracht na nIarrthóirí

Cuid 6 Cur as don Phróiseas Earcaíochta

Cuid 7 Nósanna Athbhreithnithe

Aguisín 1 Iarratas ar Fhoirm Athbhreithnithe

## Cuid 1 Cinntí a dhéanamh maidir leis an bhaint atá ag PAS leis an phróiseas

1. Pléifidh an fhoireann Ardbhainistíochta i PAS le hiarratais ó gach eagraíocht a fhostaíonn seirbhísigh phoiblí ag brath ar an leibhéal gníomhaíochta ag an am áirithe sin.
2. Pléifidh bainisteoir na gcliant/ceannaire an fheachtais na sonraí leis an eagraíocht agus socróidh siad aon riachtanas a bheadh acu (m.sh. oibleagáidí dlí maidir le baill an bhoird roghnaithe nó conas a stiúrfar an próiseas). Ba chóir go gcuirfeadh an comhlacht poiblí i gceist an ceannaire feachtais/bainisteoir earcaíochta ar an eolas faoi aon reachtaíocht ábhartha agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht sin lena fháil amach faoi aon riachtanas reachtaíochta a d'fhéadfadh impleacht a bheith aige ar an phróiseas ceapacháin agus a chuirfeadh in iúl an cineál duine a theastódh don ról. Ba chóir go n-iarrfaí ar an chliant a rá i scríbhinn, cad iad na hoibleagáidí ábhartha atá ann más ann, nó a chinntiú nach bhfuil a leithéid más mar sin atá.
3. Chomh luath agus a chuireann an cliant dóthain eolais ar fáil maidir leis an fheachtas atá molta, pléifidh an Fhoireann Ardbhainistíochta an scéal agus déanfar socrú faoi chumas PAS riachtanais an chliant a shásamh.
4. Ba chóir go gcuirfí cliant ar an eolas go reáchtálfar próisis de réir na dTreoirí seo agus de réir dea-chleachtais earcaíochta agus roghnaithe. Ciallaíonn sin:
  - fógrófar an post ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) agus ar aon mheán fógartha eile a theastaíonn ón chliant (íocfaidh an cliant as aon fhógra breise); is féidir go dtabharfaidh PAS comhairle faoin mheán fógartha is oiriúnaí;
  - ní mór na critéir agus na riachtanais don phost a shainiú roimh ré agus cuirfear na hiarrthóirí ar fad ar an eolas faoi na riachtanais agus faoi na modhanna roghnaithe a úsáidtear (Ní mór do PAS a bheith sásta maidir leis na critéir ar leith go mbaineann siad leis an phost);
  - scrúdófar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha;
  - bunóidh PAS boird roghnaithe ina mbeidh ionchur ón eagraíocht cliant a aontófar más cuí;
  - cuirfear nós imeachta athbhreithnithe i bhfeidhm a bheidh tríd is tríd de réir an nós imeachta atá leagtha amach sna Treoirí seo;

- ní mór don chliant gach costas do bhaill den bhord roghnaithe agus costais neamh-sheasta eile (costas aistriúcháin san áireamh) a íoc ar ais;
  - ba chóir na coinníollacha seo a chur san áireamh i bplean an tionscadail a ullmhaítear don chliant.
5. Má tá aon bhac dlí nó riachtanas inmheánach ag an chliant a fhágann nach féidir an nós imeachta thuas a chomhlíonadh, is féidir go socróidh PAS cabhair a thabhairt do na coda den phróiseas thuas gur féidir a chomhlíonadh (m.sh. fógra agus staid bainistíochta an iarratais) agus i gcás dá leithéid beidh ar an chliant an chuid eile den phróiseas a reáchtáil (ba chóir go léireodh na doiciméid go soiléir na coda den phróiseas a mbeidh PAS páirteach iontu agus an staid a dtosóidh agus a gcríochnóidh PAS a bheith páirteach sa phróiseas).
6. Ullmhóidh PAS plean tionscadail agus litir theagmhála agus síneoidh an cliant agus PAS é.

## **Cuid 2 Tús**

### **Cad iad na Treoirí seo?**

Léiríonn na Treoirí seo príomh-phrionsabail earcaíochta agus roghnaithe PAS agus míníonn siad cad is ciall leo agus conas a chuirtear iad i bhfeidhm. Cloífeá leis na caighdeáin seo i ngach próiseas earcaíochta agus roghnaithe nach dtagann faoin Acht PSM (R&A), leasaithe ach a réachtálann PAS go hiomlán nó i bpáirt. Tá Treoirí difriúla i gceist maidir le próiseas na mBord Stáit. Tá sé mar aidhm ag an chur chuige seo go mbeadh na cleachtais earcaíochta agus roghnaithe comhsheasmhach, cothrom, soiléir agus go bhfuil cuntasacht agus éagsúlacht i gceist.

Tugann na Treoirí seo treoir shoiléir agus ghairid do bhaill foirne faoi conas is cóir tabhairt faoin phróiseas ceapacháin lena chinntiú go bhfuil sé cothrom, oscailte agus follasach, go dtagann dea-thoradh air agus go bhfuil muintinn ag an phobal as. Comhlíonfaidh gach ceapachán a dhéantar an dlí fostaíochta agus comhionannais cuí.

### **Cathain a chuirtear na Treoracha seo i bhfeidhm?**

Baineann na Treoracha seo le feachtais/ceapacháin nach dtagann faoin Acht PSM (R&A) 2004 leasaithe.

### **Cad is cóir a dhéanamh sa chás nach bhfuil tú cinnte an dtagann cliant/post faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin)**

Féach ar an reachtaíocht a bhain le comhlacht fostaíochta a bhunú ag an nasc seo - <http://www.irishstatutebook.ie/> - lena fháil amach conas a dhéantar na ceapacháin. Mura ndeimhníonn an reachtaíocht go ndéanfar na ceapacháin faoin Acht PSM (R&A) nó tríd PAS, agus más rud é nach státseirbhísigh na fostaithe, ní thagann sé faoin Acht agus dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag Cód Cleachtais an CCSP.

Chomh maith le sin ní bhíonn Cóid an CCSP i bhfeidhm maidir le:

Ceapacháin Uachtaránachta

Ceapacháin Rialtais

Ceapachán mar oifigeach i dTithe an Oireachtais

Má tá PAS ag reáchtáil aon cheann de na próisis earcaíochta thuas, beidh na Treoirínte seo i bhfeidhm.

### **Struchtúr na dTreoirínte seo**

Deimhníonn na Treoirínte seo go gcuirfear na príomh-phrionsabail earcaíochta, ionracas, comhionannas agus cothroime, roghnú atá bunaithe ar fhiúntas, agus dea-chleachtas i bhfeidhm i ngach próiseas earcaíochta. Tugann sé sonraí faoi ghnéithe de phróisis earcaíochta agus roghnaithe agus samplaí de phrionsabail ag obair.

### **Próiseas Athbhreithnithe**

Cuireann an próiseas athbhreithnithe athbhreithniú dhá staid ar fáil maidir le cinneadh a thógtar faoi iarratas an iarrthóra. Is é an cinneadh a dhéanann an dara athbhreithneoir an cinneadh deiridh.

### **Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dTreoirínte**

Déanfar faireachán ar chur i bhfeidhm na dTreoirínte sna próisis earcaíochta agus roghnaithe do phoist nach dtagann faoin Acht PSM (R&A) 2004 le linn athbhreithnithe a dhéantar laistigh de PAS mar chuid dár gClár um Leasú Caighdeán.

### **3. Príomhphrionsabail Earcaíochta le comhlíonadh**

#### **Ionracas**

Tá na prionsabail atá riachtanach chun feachtais a reáchtáil faoi na Treoracha seo bunaithe ar ionracas, neamhchlaontacht, cothroime, iontaofacht agus iompar eiticiúil. Tá PAS tiomanta do na caighdeáin seo agus cinnteoidh siad go mbainistear gach gné den phróiseas ceapacháin go heiticiúil.

#### **Ceapacháin de réir fiúntais**

Ciallaíonn ceapachán de réir fiúntais go gceaptar an duine is fearr i bpost trí phróiseas trédhearcach, iomaíoch earcaíochta ina ndéantar ceangal díreach idir oiriúnacht an iarrthóra agus na cáilíochtaí, tréithe agus scileanna atá riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh. Mar thoradh ar shlí chothrom agus chóir mar seo a úsáid le linn a bheith ag plé le hiarratasóirí, cinntítear go roghnaítear daoine a bhfuil a n-inniúlachtaí, a gcumas, a dtaithe agus a gcaighdeáin iomlán fóirsteanach do riachtanais na heagraíochta i gceist. Ní mór cloí le prionsabal an fhiúntais maidir le gach cleachtas i gceapacháin. Ní thabharfaidh ár bpróisis roghnaithe aon bhuntáiste nó míbhuntáiste gan cúis leis, d'aon iarrthóir nó grúpa iarrthóirí ar leith agus beidh cothrom na féinne i gceist i ngach próiseas trína ndéantar ceapacháin.

#### **Próiseas ceapacháin ag teacht le dea-chleachtas**

Déanfar gach ceapachán go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de, agus de réir dea-cleachtais lena n-áirítear sonraí an phoist agus an duine a shainmhíniú; margaíocht a dhéanamh faoin fholúntas agus modhanna measúnaithe cuí a roghnú; eolas cuí a thabhairt don bhord roghnaithe; agus taifid chúí a chruthú agus a chothabháil.

#### **Próiseas ceapacháin atá cothrom a chuirtear i bhfeidhm go seasmhach**

Tabharfar faoi phróiseas roghnaithe le díograis maidir le cothroime maidir le deiseanna agus i dtaca leis an chúí a chuirtear é i bhfeidhm. Ní mór dóibh siúd in oifig déileáil le hiarrthóirí go cothrom, ar an chaighdeán céanna agus go seasmhach.



## **Ceapacháin atá déanta go hoscailte, go freagrach agus go trédhearcach**

Cinntoidh PAS go mbeidh an próiseas ceapacháin sofheicthe ina bhfuil cumarsáid oscailte agus ghníomhach agus gur air sin atá an measúnú bunaithe. Tabharfar aiseolas d'iarrthóirí má iarrtar é.

## 4. Gnéithe de phróisis áirithe Earcaíochta agus samplaí de phrionsabail ag obair

### Critéir Riachtanacha na bPost a Shocrú

- ◇ Ní mór próiseas bailí a úsáid chun na critéir a shocrú
- ◇ Ní bheidh na príomh-riachtanais sriantach agus léireoidh siad cad atá riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh
- ◇ Tiocfar ar chomhaontú faoi théarmaí agus choinníollacha agus faoi chritéir cháilitheachta leis an Chliant (agus/nó D/PER nó an Roinn Comhshaoil) sula bhfógrófar an post (agus cinnteoidh PAS go bhfuil siad sásta leis an bhunús a shocróidh na critéir cháilitheachta).

### Sonraí an Phoist agus an Duine

- ◇ Ábharthacht an phoist - déanfar comparáid idir cur síos faoin phost agus sonraí an duine le haon chur síos reachtúil de na feidhmeanna
- ◇ Léireoidh cur síos faoin phost agus sonraí an duine réimse iomlán na ndualgas, reachtúla agus neamhreachtúla, den phost atá le líonadh agus tá an cliant freagrach as
- ◇ Forbrófar agus comhaontófar Tionscadal Forbartha leis an chliant (léireoidh seo an tábhacht atá lena chinntiú go bhfuil cur síos faoin post agus sonraí an duine cruinn agus go léiríonn siad feidhmeanna reachtúla an phoist atá le líonadh) agus síneoidh PAS agus an cliant an Plean.
- ◇ Clúdóidh an cur síos faoin phost agus sonraí an duine inniúlachtaí uile an phoist
- ◇ Léireofar príomh-ghnéithe an phoist agus sonraí an duine i gcónaí sa phróiseas roghnaithe.

### Iarrthóirí a Mhealladh

- ◇ Cinntíonn modhanna margaíochta go ndéantar an earcaíocht ón líon tallainne agus saineolais is mó agus is féidir
- ◇ Úsáidfeadh fógraí atá soiléir agus gonta atá ceaptha chun díriú ar an réimse cuí d'iarrthóirí agus a thabharfaidh comhdheiseanna
- ◇ Úsáidfeadh slite fógraíochta ar leith a bheidh in oiriúint don fholúntas atá i gceist
- ◇ Beidh deiseanna ar fáil do gach iarrthóir a d'fhéadfadh a bheith cáilithe, daoine faoi mhíchumas san áireamh
- ◇ Gach iarracht réasúnta chun próiseas iarratais inrochtana a sholáthar
- ◇ Tá gach ábhar margaíochta inrochtana agus gan claonadh

## Cáilitheacht a Scrúdú

- ◇ Cuirfear iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais cháilitheachta as an phróiseas agus cuirfear iad ar an eolas dá réir
- ◇ Beidh dóthain scrúduithe i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann iarrthóirí na riachtanais cháilitheachta sula ndéanfar tairiscint ar bith
- ◇ Maidir le cáilitheacht do cheapachán de, ní ghlacfar ach le hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir cháilitheachta agus a chomhlíonann an próiseas roghnaithe go rathúil (na Treoracha seo san áireamh).

## Modhanna Roghnaithe agus Measúnaithe

- ◇ Beidh an próiseas roghnaithe ag brath ar shonraí éifeachtacha an phoist agus an duine, a dhíríonn ar chuspóir an phoist, a phríomh-fhreagrachtaí agus na príomh-scileanna a theastaíonn chun an obair a dhéanamh go héifeachtach
- ◇ Ba chóir go gcuirfeadh critéir roghnaithe na prionsabail maidir le comhionannas, cuimsitheacht agus éagsúlacht chun cinn
- ◇ Úsáidfear slí ábhartha do ghearrliostú má oireann sé; úsáidfear critéir a bhaineann le poist agus cuirfear é i bhfeidhm go cothrom do gach iarrthóir
- ◇ Ní úsáidfear ach uirlisí agus modhanna bailí measúnaithe sa phróiseas roghnaithe
- ◇ Is iad daoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu amháin agus a bhfuil an oiliúint cheart acu maidir le riarachán, marcanna a thabhairt agus ciall a bhaint as eolas, agus atá cáilithe fosta le scrúdú atá bailí a roghnú do chuspóir ar leith, a bhainfidh úsáid as uirlisí agus modhanna measúnaithe
- ◇ Maidir le huirlisí agus modhanna measúnaithe:
  - Beidh siad fóirsteanach do na critéir roghnaithe
  - Cuideoidh siad maidir leis an duine/daoine cuí a shainaithint agus a roghnú is fearr a oireann do riachtanais an phoist
  - Próiseas ceapacháin ag teacht le dea-chleachtas
  - Go gcomhlíonann siad na riachtanais maidir le cothroime agus saor ó chlaontacht
- ◇ Tabharfar eolas faoin tslí a úsáidfear chun an t-ord fiúntais a shocrú d'iarrthóirí roimh ré (i.e. na gnéithe sin den phróiseas roghnaithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar áit a thabhairt don iarrthóir ar an ord fiúntais)
- ◇ Cuirfear gach áis ar fáil d'iarrthóir faoi mhíchumas, rud a chinnteoidh go bhfuil an deis is fearr acu a ndícheall a dhéanamh

- ◇ Tabharfar aird ar ghnéas an duine nuair atá boird roghnaithe á gcur le chéile

## **Boird Roghnaithe**

- ◇ Beidh córais i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanann boird roghnaithe an próiseas roghnaithe go cothrom, go hoscailte agus go follasach
- ◇ Tuigeann gach ball de bhoird roghnaithe a ról go hiomlán agus tá na scileanna cuí acu chun an ról sin a chomhlíonadh.
- ◇ Tuigeann agus comhlíonann gach ball de bhoird roghnaithe a ndualgais go hiomlán i dtaca le reachtaíocht Shaoráil Eolais, Cosaint Sonraí agus Comhionannas Fostaíochta
- ◇ Tá fios iomlán ag gach ball de bhoird roghnaithe faoi bheartas maidir le mhíchumas agus comhdheiseanna
- ◇ Le linn an phróisis roghnaithe, roghnófar iarrthóirí le dul ar aghaidh chuig an chéad staid eile de roghnú, rud a bheidh bunaithe ar chumas an iarrthóra (i gcomparáid le hiarrthóirí eile ar an fheachtas)
- ◇ Ag an staid dheiridh cuirfear iarrthóirí a bhaineann an caighdeán riachtanach don phost amach ar an ord fiúntais agus tairgfear post dóibh san ord sin (mura dteastaíonn ón phróiseas roghnaithe faoin reachtaíocht gur gá liosta iarrthóirí cáilithe a sholáthar don údarás roghnaithe do cheapachán)
- ◇ Déanfar soláthar maidir le creidiúint sa bhreis do líofacht i mBéarla agus i nGaeilge de réir bheartas an Rialtais

## **Doiciméid**

- ◇ Tabharfar doiciméid chruinne, chuí agus dóthain acu d'iarrthóirí lena n-áirítear eolas faoi conas teacht ar an Treoracha seo, go háirithe eolas maidir le modhanna athbhreithnithe
- ◇ Léireoidh doiciméid thacaíochta do staid mheasúnaithe an phróisis na critéir cháilitheachta
- ◇ Léireoidh na doiciméid aon ghné den phróiseas earcaíochta agus roghnaithe nach bhfuil faoi riail PAS
- ◇ Coinneofar taifid de na modhanna roghnaithe a úsáidfear, taifid de na hagallaimh san áireamh

- ◇ Comhlíonfaidh gach doiciméad agus á n-úsáid, reachtaíocht chúí fostaíochta, Saoráil Eolais agus reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí san áireamh, chomh maith le reachtaíocht agus treoracha chomhionannais.
- ◇ Coinneofar taifid i ndoiciméid de gach staid den phróiseas (de réir Bheartas PAS Taifid a Choinneáil)

### **Córais Bainistíochta**

- ◇ Beidh córais éifeachtacha bainistíochta i bhfeidhm
- ◇ Déanfar athbhreithniú rialta ar éifeacht na bpróiseas measúnaithe agus ar cheisteanna a thagann as sin
- ◇ Beidh córais éifeachtacha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh agus chun próisis earcaíochta a mheas agus tabharfar faoi thionscnaimh dhearfacha chun déileail le nithe a thagann as
- ◇ Déanfar cumarsáid éifeachtach le hiarrthóirí le linn an phróisis
- ◇ Ni chuirfear moill nach bhfuil gá leis ar an phróiseas
- ◇ Beidh córais aiseolais chúí i bhfeidhm chun aiseolas ar leith atá soiléir a thabhairt d'iarrthóirí gan mhoill
- ◇ Pléifear go héifeachtach agus gan mhoill le fiosrúcháin agus gearáin.

### **Ginearálta**

- ◇ Pléifidh PAS le ceisteanna faoi rún
- ◇ Comhlíonfaidh PAS na Treoracha seo
- ◇ Comhlíonfaidh PAS gach reachtaíocht chúí, reachtaíocht Díl an Chomhionannais, an tAcht Míchumais 2005, Acht na dTeangacha Gaeilge 2003, reachtaíocht Cosaint Sonraí agus Saoráil Eolais san áireamh.

## 5. Freagracht na nIarrthóirí

### Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint gur féidir go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá dheasca.

### Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta

Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú

Cur isteach don phróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

### Pionós sa chás nach gcomhlíontar na forálacha

I gcás canbhasála, nó má bhris duine aon cheann de dhualgais an iarrthóra mar atá leagtha amach sa phróiseas earcaíochta:

- Sa chás gur ceapadh é/í i bpost, is féidir go ndícháileofar é/í mar iarrthóir
- Sa chás gur ceapadh é/í tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

### Critéir ar leith an iarrthóra

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas dualgais an phoist i gceist a chomhlíonadh.
- a bheith fóirsteanach ó thaobh dea-cháil de
- a bheith fóirsteanach ar gach slí eile do cheapachán sa phost atá i gceist;

Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus glacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le, comhlíonadh dualgais an phoist
- go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

### Iompar Míreasúnta an Chustaiméara

Pléifidh PAS go múinte le custaiméirí. Sa chuid is mó de chásanna pléann iarrthóirí nó daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí le PAS go réasúnta agus go gairmiúil. Ar an droch-uair tá mionlach beag ann a bhíonn mí-réasúnta agus iad ag tabhairt faoi ghearán. Níl aon iallach ar bhaill foirne glacadh le hiompar atá ionsaitheach, maslach nó bagrach. Ní cheapann PAS gur chóir do lucht foirne a lán ama nó a lán acmhainní a chaitheamh ag tabhairt freagra ar dhuine amháin nó ar shraith iarratas ar athbhreithniú faoi chinneadh roghnaithe.

Seo thíos samplaí d'iompar mí-réasúnta a thaispeánann an CCSP (a bhfuil comhaontú acu le PAS):

- Leanúint ar aghaidh go mí-réasúnta le ceist nó le sraith ceisteanna;
- Ag áitiú go ndéanfadh ball foirne eile athbhreithniú
- Leagan nua a chur ar cheist lena chur i láthair mar ghearán úr
- Leanúint ar aghaidh le hargóint ar pléadh leis cheana
- Barraíocht ama agus acmhainní de chuid PAS a úsáid ina bhfuil patrún atá fíor-mhí-réasúnta nó gur féidir a shainaitheint

Seo thíos samplaí d'easpa mhí-réasúnta comhoibre le linn gearán a chur i láthair:

- Gearán a chur i láthair go mí-eagraithe go rialta
- Gan an gearán a shoiléiriú
- A lán eolais nach bhfuil gá leis a chur i láthair le scrúdú
- A bheith ag súil le freagraí ar chumarsáid láithreach
- An gearán a athrú le linn an athbhreithnithe

Seo thíos samplaí d'argóintí mí-réasúnta:

- Ceisteanna a áibhliú
- Argóintí nach mbaineann leis an cheist nó nach bhfuil loighciúil a chur i láthair
- An iomad béime a chur ar shonraí beaga neamhthábhachtacha
- Ag áitiú gur chóir glacadh lena leagan d'eachtraí a bheith fíorasach nuair nach bhfuil aon fhianaise oibiachtúil a thacaíonn leis
- Diúltú glacadh le frith-argóintí a chuireann PAS chun cinn
- Ráitis a dhéanamh nach féidir leis an iarrthóir a chruthú nó tacaíocht a thabhairt dóibh
- Ionracas nó macántacht duine eile a cheistiú go héagórach nó go míchuí

*San áireamh in iompar mí-réasúnta tá na nithe seo:*

- Íde béil a thabhairt do bhaill foirne
- Iompar míbhéasach nó ionsaitheach
- Foréigean a bhagairt
- Féin-ghortú a bhagairt

**Sula socrófar aon srian dá réir a chur ar iarrthóir, cinnteoidh PAS na nithe seo:**

- Gur pléadh leis an chéad ghearán nó iarratais ar athbhreithniú go hiomlán de réir na dTreorlínte seo.
- Go bhfuil aon ghníomh dá leithéid ceart agus dá réir, nuair a chuirtear déine an iompair san áireamh.

### **Nós imeachta**

Sa chás go gceapann PAS go bhfuil iompar iarrthóra míréasúnta, cuirfidh siad an t-iarrthóir ar an eolas gur socraíodh go raibh a n-iompar míréasúnta agus déarfadh siad leis an iarrthóir a n-iompar a athrú.

**Is féidir go ndéanfaidh PAS na bearta seo fosta:**

- Iarraidh ar an iarrthóir teagmháil a dhéanamh i leagan áirithe amháin
- Iarraidh ar an iarrthóir gan teagmháil a dhéanamh ach le hoifigeach ainmnithe amháin
- Gan glaoch teileafóin a dhéanamh ach ar laethanta/amanna ar leith
- Srian a chur le teacht ar an oifig
- Iarraidh ar an iarrthóir teacht ar chomhaontú maidir lena n-iompar amach anseo.

Má leanann an iompar míréasúnta, is féidir go ndéanfaidh beart chun srian a chur le teagmháil an iarrthóra. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an cinneadh. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a bheith san áireamh:

- Diúltú déileáil le gearáin nó le hiarratais ar athbhreithniú
- Gach teagmháil leis an ghearánaí a stad.

Déanfar taifead i ndoiciméad faoi chinneadh gach teagmháil a stad agus déanfar é sin le cead an POF. Cuirfidh PAS an custaiméir ar an eolas i scríbhinn faoi cén fáth gur socraíodh go raibh a n-iompar míréasúnta agus socrófar na gníomhaíochtaí atá beartaithe. Sonróidh PAS dáta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na srianta. Cuirfear na srianta ar ceal



mura bhfuil cúis iad a shíneadh a thuilleadh. Ní mór do bhaill foirne déileáil leis an ghearánaí le meas agus go neamhchlaonta maidir leis an ábhar i gceist.

## 6. Cur as don phróiseas Earcaíochta

Má cheapann PAS gur féidir gur cuireadh isteach nó go ndearnadh iarracht cur isteach ar an phróiseas ceapacháin, is féidir go bhfiosróidh siad an cás nó go n-iarrfaidh siad ar dhuine an cás a fhiosrú ar a son.

## Cuid 7 - Nósanna Athbhreithnithe

### Eolas Ginearálta

Tá an modh athbhreithnithe atá leagtha amach sa chuid seo i bhfeidhm sa chás gur mian le hiarrthóir athbhreithniú a lorg maidir le gníomh nó cinneadh a bhaineann lena (h)iarratas. Tá na modhanna agus na caighdeáin gur gá don ghearánaí agus don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a chomhlíonadh maidir le conas a phléitear le hiarratais, leagtha amach thíos.

Bí ar an eolas gur féidir torthaí scrúduithe a sheiceáil arís má chuirtear isteach iarratas á lorg; ní féidir torthaí scrúduithe a athbhreithniú tríd ann phróiseas seo áfach.

Ní chuirfear stad leis an phróiseas earcaíochta agus roghnaithe nuair a táthar ag fanacht le toradh athbhreithnithe.

### Staid a haon den phróiseas athbhreithnithe

Nuair a fhaightear iarratas ar athbhreithniú maidir le cinneadh faoi roghnú ó iarratas, ba chóir gach iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach ag staid a haon (aiseolas a thabhairt don iarrthóir san áireamh). Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis aiseolas dá leithéid a fháil, is féidir leis/léi dul leis an mhodh oibre ina bhfuil dhá staid de réir an phróisis atá leagtha amach thíos.

Is féidir le hiarrthóir dul leis an phróiseas ina bhfuil staid amháin laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an chéad chinneadh, agus de ghnáth bíonn an t-athbhreithniú idir an iarrthóir agus an duine a d'fhógair an cinneadh (nó duine eile atá ag gníomhú ar son PAS de réir mar

a oireann sa chás áirithe). Sa chás go mbaineann an cinneadh le staid eatramhach den phróiseas roghnaithe, caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú ina bhfuil staid amháin a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh.

Déanfaidh PAS an t-athbhreithniú ina bhfuil staid amháin gan mhoill agus taobh istigh de thréimhse ama a chuirfidh ar chumas an iarrthóra tabhairt faoi phróiseas dhá staid taobh istigh den tréimhse ama má theastaíonn sin uaidh/uaithi.

Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis athbhreithniú staid amháin dá leithéid, is féidir leis/léi dul le modh dhá staid mar atá leagtha amach thíos. Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an cheist trí athbhreithniú staid a dó, ní mór dó/di é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta ar fógraíodh athbhreithniú staid a haon.

#### Athbhreithniú staid a dó:

Tá na modhanna agus na caighdeáin gur gá don ghearánaí agus don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a chomhlíonadh maidir le conas a phléitear le hiarratais, leagtha amach thíos.

Ní mór don iarrthóir a ghearáin/gearáin maidir leis an phróiseas a chur i scríbhinn chuig Príomhfheidhmeannach PAS, ag léiriú cén gné/gnéithe den ghníomh nó den chinneadh maidir lena n-iarratas gur mian leis/léi go n-athbhreithneofaí; ba chóir cúis an athbhreithnithe seo a leagan amach ar an fhoirm ar leith dó (aguisín 1).

Ní mór don iarrthóir na fíricí a cheapann siad a thaispeánann go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair mar thacaíocht dá n-iarratas. Is féidir go ndiúltófar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis/léi.

#### Modh athbhreithnithe

- Nuair a fhaightear iarratas ar athbhreithniú staid a dó, déanfaidh PAS iarracht admháil a eisiúint taobh istigh de 3 lá oibre.

Déanfaidh duine seachas duine a raibh baint aige/aici leis an chinneadh ar dtús, athbhreithniú ar an chás.

Scrúdóidh an duine/daoine a dhéanann an t-athbhreithniú dhá staid aon aighneachta scríofa a dhéanann an t-iarrthóir, chomh maith le heolas ábhartha eile, lena n-áirítear r-phoist, nótaí nó meamraim atá i seilbh PAS i dtaca leis an bpróiseas roghnaithe. Nuair is gá, is féidir leis an athbhreithneoir bualadh le pearsanra atá i mbun an phróisis roghnaithe agus/nó leis an iarrthóir chun tuilleadh eolais a aimsiú.

De ghnáth tabharfar an toradh don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil. I gcás nach mbíonn toradh ar an bhfiosrúchán laistigh den tréimhse ama seo, ní mór don athbhreithneoir an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe.

Is é an cinneadh a dhéanann an dara athbhreithneoir an cinneadh deiridh.

## **Aguisín 1**

### **Iarratas ar Athbhreithniú maidir le poist a reáchtáiltear faoi TREORACHA DO CHEAPACHÁIN DO PHOIST NACH DTAGANN FAOIN ACHT UM BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE POIBLÍ (EARCAÍOCHT AGUS CEAPACHÁIN) 2004**

Ainm an Iarrthóra: \_\_\_\_\_

Aitheantas an Iarrthóra: \_\_\_\_\_

Post a ndearnadh iarratas air: \_\_\_\_\_

Seoladh Iomlán: \_\_\_\_\_

Uimhir Theileafóin Lae.

Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_

#### **Athbhreithniú á lorg (cliceáil sa bhosca cuí)**

Neamhfhoirmiúil	
Foirmiúil	

- Maidir le hathbhreithnithe neamhfhoirmiúla scríobh chuig an Bhainisteoir Earcaíochta atá ag bainistiú an chomórtais
- Chun athbhreithniú foirmiúil a lorg, scríobh chuig an bPOF, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Má tá aiseolas faighte agat

Sonraigh go soiléir na gnéithe den ghníomh/cinneadh gur mian leat go n-athbhreithneofaí